**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P9_TA(2019)0070

## Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun foráil a dhéanamh maidir le réamhíocaíochtaí a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais do 2020

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Samhain 2019 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun foráil a dhéanamh maidir le réamhíocaíochtaí a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais do 2020 (COM(2019)0252 – C9-0008/2019 – 2019/2027(BUD))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2019)0252 – C9-0008/2019),

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020[2], agus go háirithe Airteagal 10 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais[3], agus go háirithe pointe 11 de,

– ag féachaint don téacs comhpháirteach a d'fhormheas an Coiste Idir-réitigh an 18 Samhain 2019 (A9-0035/2019),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0036/2019),

A. de bhrí gurb amhlaidh, i gcomhréir le hAirteagal 4a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002, go ndéantar méid is ionann agus EUR 50 000 000 a chur ar fáil chun réamhíocaíochtaí a dhéanamh trí leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais;

---

1 IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.
2 IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.
3 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

1. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. á threorú dá hUachtarán an rún seo, lena n-áirítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## IARSCRÍBHINN

## CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun foráil a dhéanamh maidir le réamhíocaíochtaí a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais do 2020**

*(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2020/264.)*